# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 4.50**

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile, ó 2 go dtí 18, leagtha amach i **gCEITHRE** roinn. Is iad seo, Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Caithfear **cúig cheist** a fhreagairt ach **gan níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin. Caithfidh iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [as Ceisteanna 14-18];
- Trí cheist eile as 2-18;

Tá rogha na gceisteanna as 2 – 18 faoi réir ag an gcoinníoll atá luaite thuas, nach bhfuil sé ceadaithe **níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin.

**BÍ CINNTE GO BHFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN BPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.**

## CAITHFEAR AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT

## CEIST 1. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50 000 agus an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar atá sa Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.

Marcáil agus sainaithin:

- Líne an chósta
- Galfchúrsa
- Carrchlós agus Láthair Phicnic
- Sealúchas leis an Roinn Cosanta
- Oifig Phoist
- Inis Chuas an Ghainimh (*Sandycove Island*)

**[Nóta: Níor cheart rianú a dhéanamh ar an tsracléarscáil.]**

**(30 marc)**

**(ii)** "Tá Cionn tSáile ar shuíomh cois cósta".

Luaigh **TRÍ** bhealach ina raibh tionchar aige seo ar bhaile Chionn tSáile.
Bain úsáid as fianaise ón léarscáil amháin. **(30 marc)**


**(iii)** Tá stair fhada lonnaíochta ag an limistéar atá i gceist sa Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.
Luaigh **DHÁ** bhealach ina dtugann an léarscáil tacaíocht don ráiteas seo. **(20 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

**Ceisteanna 2 – 5**

## CEIST 2. OIGHRIÚ

Creimeadh agus sil-leagan a mhúnlaíonn tírdhreacha oighrithe.




**(i)** Coire/*Cirque*, U-ghleann oighrithe, Binn adharcach (Binn phirimide), Airéit agus Gleann crochta. Roghnaigh **TRÍ** ghné díobh sin thuas agus i gcás **GACH** ceann díobh

- Scríobh tuairisc agus mínigh, le cabhair léaráide, cén chaoi ar cruthaíodh é. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh bealach **AMHÁIN** ina bhféadfaidh oighriú tairbhe a dhéanamh do dhaoine. **(20 marc)**

## CEIST 3. AOLCHLOCH

Poll slogaide, Pábháil aolchloiche, Aolchuisní, Aolchoinnle, agus Uaimheanna

**(i)** Roghnaigh **TRÍ** ghné aolchloiche díobh sin thuas agus le cabhair léaraide, abair cén chaoi ar cruthaíodh iad. **(60 marc)**

**(ii)** Luaigh **DHÁ** chúis a dtaitníonn Boirinn Chontae an Chláir chomh mór sin le turasóirí. **(20 marc)**

## CEIST 4. AN FHARRAIGE (MUIRÍ)

**(i)** Ainmnigh **DHÁ** ghné aiceanta atá cruthaithe ag creimeadh na mara agus **DHÁ** ghné atá cruthaithe ag sil-leagan na mara. **(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cabhair léaráide nó léaráidí, conas a cruthaíodh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe a ainmníodh i gcuid (i). **(60 marc)**

## CEIST 5. AN DOMHAN FISICEACH

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Tá mórán cúiseanna le sceitheadh aibhneacha in Éirinn. **(40 marc)**

**(ii)** Baineann gníomhaíocht bholcánach le himill nó le ciumhaiseanna na bplátaí domhanda. **(40 marc)**

**(iii)** Fadhb in aibhneacha agus i locha na hÉireann is ea truailliú uisce. **(40 marc)**

**(iv)** Tá éagsúlacht mhór cineálacha carraigeacha in Éirinn. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

### Ceisteanna 6 - 9

## CEIST 6. AERFHÓTAGRAF CHIONN tSÁILE

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar de Chionn tSáile atá i gceist san aerfhótagraf. Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

* Líne an chósta
* Dhá shráid nasctha
* Séipéal
* Carrchlós
* Muiríne bádóireachta
* Ceann tíre

**(30 marc)**

**(ii)** Bíonn tarraingt ar turasóirí ag baile Chionn tSáile. Luaigh **DHÁ** chúis leis seo.
Bain úsáid as fianaise ón Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis **agus** ón Aerfhótagraf **araon**.
**(30 marc)**

**(i)**

**(iii)** Fadhb is ea an trácht, is cosúil, i gCionn tSáile. Luaigh **DHÁ** chúis leis seo, agus bain úsáid as fianaise ón aerfhótagraf **amháin**. **(20 marc)**

## CEIST 7. STAIDÉAR AR DHAONRA

**(i)**




**Bíonn clann mhór ar mhórán tuismitheoirí i dtíortha bochta.**

Is mó cúis atá le fás an daonra i dtíortha bochta. Orthu sin tá:

- Sláinte
- Cogadh
- Stádas na mban
- Oideachas
- Teicneolaíocht níos fearr

Roghnaigh **TRÍ** thoisc ar bith díobh sin thuas, agus mínigh cén éifeacht a bhíonn ag **GACH** ceann díobh ar fhás an daonra i dtíortha bochta. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** bheartas a d'fhéadfadh rialtais a chur i bhfeidhm chun srian a chur le fás an daonra i dtíortha atá i mbéal forbartha. **(20 marc)**

## CEIST 8. CÚNAMH FORBARTHA

**(i)** Tugann an Domhan Forbartha mórán cineálacha cúnaimh don Domhan i mBéal Forbartha. Orthu sin tá:

- Cúnamh Déthaobhach
- Cúnamh Iltaobhach
- Cúnamh Éigeandála
- Cúnamh Forbartha
- Cúnamh Neamhrialtais (NGO's i mBéarla)

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na cinéalacha cúnaimh agus mínigh trí thagairt a dhéanamh do shampla a ndearna tú staidéar air, cén tairbhe a rinne **GACH** ceann díobh do thíortha sa Domhan i mBéal Forbartha. **(60 marc)**

**(ii)** "Is féidir úsáid a bhaint as cúnamh chun aird a bhaint de cheisteanna tábhachtacha ar nós trádáil chothrom". An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Mínigh do fhreagra. **(20 marc)**

## **CEIST 9. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Fadhb mhór is ea an costas tithíochta i gceantair uirbeacha in Éirinn. **(40 marc)**

**(ii)** Is minic a dhéantar leatrom ar imircigh ó thíortha eile agus ar an Lucht Siúil in Éirinn. **(40 marc)**

**(iii)** Fadhb is ea an sclábhaíocht fós i roinnt áiteanna ar domhan inniu. **(40 marc)**

**(iv)** Tá fadhbanna móra tráchta i mBailte agus i gCathracha na hÉireann. **(40 marc)**

# TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

### Ceisteanna 10 - 13

## **CEIST 10. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA**

**(i)** Caitear roinnt cúinsí tábhachtacha a chur san áireamh sula socraítear suíomh do mhonarcha nua. Orthu sin tá:

- Amhábhair
- Áiseanna Iompair
- Fórsa Oibre
- Polasaithe Rialtais
- Cúinsí Pearsanta

Roghnaigh **TRÍ** cinn ar bith de na cúinsí sin thuas agus mínigh cén tionchar a bhí ag gach ceann díobh ar shuíomh **aon tionscal déantúsaíochta a ndearna tú staidéar air.**

**(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** iarmhairt dhiúltacha a bhíonn ag tionscal déantúsaóchta ar an timpeallacht.

**(20 marc)**

## **CEIST 11. IOMPAR**

**(i)** Aer, Bóithre, Iarnróid, Canálacha agus Píobáin.

Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith de na modhanna iompair sin thuas agus mínigh na **BUNTÁISTÍ** agus na **MÍBHUNTÁISTÍ** a bhaineann leo araon.

**(60 marc)**

**(ii)** "Baineann buntáistí agus míbhuntáistí don chathair leis an gcóras iarnróid LUAS atá le bheith i mBaile Átha Cliath".
Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh do bhuntáiste **AMHÁIN** agus do mhíbhuntáiste **AMHÁIN**.
**(20 marc)**

## CEIST 12. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Tá imní faoi Chiseal an Ózóin ag méadú ag tús an 21ú Aois. **(40 marc)**

**(ii)** Tá Éire ar thús cadhnaíochta i ndéantúsaíocht ríomhairí ar domhan. **(40 marc)**

**(iii)** Fadhb ar fud an domhain is ea plódú tráchta. **(40 marc)**

**(iv)** Is féidir breathnú ar fheirmeoireacht mar chóras le hionchuir, próisis agus aschuir. **(40 marc)**

## CEIST 13. OBAIR ALLAMUIGH

Maidir le cleachtadh **AR BITH** a rinne tú ar obair allamuigh sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh **teideal** agus **aidhmeanna** an chleachtaidh. **(8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas **ar an réiteach** a rinne tú don chleachtadh. **(16 marc)**

**(iii)** Tabhair cuntas **ar na modhanna a d'usáid tú** chun an t-eolas a bhailiú. **(24 marc)**

**(iv)** Tabhair cuntas **ar thorthaí** an chleachtaidh allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh na **modhanna a d'úsáid tú** chun do thorthaí a chur i láthair. **(12 marc)**

**(vi)** Tabhair míniú **ar aon scil amháin a d'fhoghlaim tú** sa chleachtadh allamuigh. **(8 marc)**

# TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DHOMHANDA

### Ceisteanna 14-18

- **Caithfidh tú tabhairt faoi Cheist Amháin ar a laghad sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda a fhreagairt ach ní thig leat níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt.**

## CEIST 14. TÍORTHA AGUS A gCUID RÉIGIÚN

Éire, An tSualainn, An Eilvéis, An Spáinn, An Iodáil agus an Fhrainc.

I gcás **AON CHEANN AMHÁIN** de na tíortha thuas a ndearna tú staidéar orthu:

**(i)** Tarraing sracléarscáil a thaispeánann an chaoi a roinnfeá í ina **DHÁ RÉIGIÚN NÓ BREIS.**
**(20 marc)**

**(ii)** Roghnaigh **DHÁ** réigiún díobh seo agus i gcás gach ceann díobh, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tíreolaíocht Fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **nó** Seirbhísí

**(60 marc)**

## CEIST 15. IASCAIREACHT

**(i)** Luaigh agus tabhair míniú ar **THRÍ** chúis a bhfuil limistéir shaibhre iascaireachta sna farraigí amach ó Chósta na hÉireann.

**(60 marc)**

**(ii)** "Tá cineálacha áirithe éisc i mbaol a ndíscithe".

Tabhair míniú ar chúis **AMHÁIN** atá leis seo agus tabhair míniú ar bheartas **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun an bhagairt seo a chosc.

**(20 marc)**

## CEIST 16. RÁITIS AR AN EORAIP

Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith de na ráitis seo a leanas agus pléigh go mion iad:

**(i)** Tá an turasóireacht ar cheann de na tionscail is mó a raibh fás faoi in Éirinn.

**(40 marc)**

**(ii)** Tionscal mór sa tSualainn is ea an fhoraoiseacht. **(40 marc)**

**(iii)** Cruthóidh méadú an Aontais Eorpaigh fadhbanna **agus** sochair d'Éirinn. **(40 marc)**

**(iv)** Tá mórán fadhbanna ag bagairt ar réigiún an Mezzogiorno san Iodáil. **(40 marc)**


## CEIST 17. RÉIGIÚIN SAN EORAIP

Randstad na hÍsiltíre, Iarthar na hÉireann, Abhantrach Pháras, Garbhchríocha na hAlban, an *Massif Central* agus Tuaisceart na hIorua.
Roghnaigh réigiún croíláir **AMHÁIN** agus réigiún imeallach **AMHÁIN** as liosta na réigiún thuas, agus déan cur síos ar an dá réigiún faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aeráid
- Talmhaíocht
- Tionscal Déantúsaíochta

**(80 marc)**

**CEIST 18. TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Scrúdaigh an léarscáil den domhan thuas.

**(i)** Ainmnigh na nithe 1-10 **i do leabhar freagraí**.

Na tíortha 1, 2 agus 3; na hOileáin 4 agus 5; Abhainn mhór 6; Cathracha 7 agus 8. Na Farraigí 9 agus 10. **(20 marc)**

*AIRE: Tá léarscáil an domhain ar an bpáipéar scrúdaithe seachas ar bhileog ar leith.

**(ii)** Tá na háiteanna seo a leanas ar nuacht an domhain mhóir le blianta beaga anuas.

* An Afganastáin * An Meán-Oirthear * Tuaisceart na hÉireann

Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na háiteanna thuas agus tabhair cuntas ar na ceisteanna a bhaineann leis. **(40 marc)**

**(iii)** "Ábhar mór easaontais idir mórán ciníocha is ea reiligiún i gcónaí".

Pléigh an ráiteas seo trí thagairt a dhéanamh d'aon tír **AMHÁIN** a ndearna tú staidéar air. **(20 marc)**